Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Feabhra 2021**
**(OR. en)**

**5474/21**

**CO EUR-PREP 5**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (25 agus 26 Márta 2021)<br>– Dréacht-Chlár Oibre anótáilte |

*I gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle Eorpaí, tá Uachtarán na Comhairle Eorpaí, i ndlúthchomhar leis an gcomhalta den Chomhairle Eorpach atá mar ionadaí don Bhallstát a bhfuil Uachtaránacht leathbhliantúil na Comhairle aige agus le hUachtarán an Choimisiúin, le dréachtchlár oibre anótáilte a chur faoi bhráid na Comhairle Gnóthaí Ginearálta.*

*Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an dréachtchlár oibre anótáilte a thíolaic Uachtarán na Comhairle Eorpaí, ina leagtar amach na príomhábhair a dtabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh orthu ag an gcruinniú thuas, mar a mheastar.*

*I bhfianaise an phlé deiridh a bheidh ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta laistigh de chúig lá roimh an gcruinniú den Chomhairle Eorpach, tá Uachtarán na Comhairle Eorpaí leis an gclár oibre sealadach a dhréachtú.*

## I. COVID-19

Déanfaidh an Chomhairle Eorpach an staid eipidéimeolaíoch agus staid na vacsaíní a mheas agus leanfaidh sí den iarracht chomhordúcháin de fhreagairt ar phaindéim COVID-19.

## II. AN MARGADH AONAIR, AN BEARTAS TIONSCLAÍOCH, CÚRSAÍ DIGITEACHA AGUS AN GEILLEAGAR

Pléifidh an Chomhairle Eorpach príomhthosaíochtaí i réimse an Mhargaidh Aonair, an beartas tionsclaíoch agus cúrsaí digiteacha. Mar chuid de sin, breithneoidh sí an Compás Digiteach, lena n-áirítear spriocanna digiteacha 2030, agus déanfaidh sí athbhreithniú ar an obair atá ar bun maidir leis an gcánachas digiteach.

Tabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh ar thosaíochtaí Sheimeastar Eorpach 2021 agus iarrfar uirthi an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro a fhormhuiniú.

## III. AN MHEÁNMHUIR THOIR

Breithneoidh an Chomhairle Eorpach mar atá cúrsaí sa Mheánmhuir Thoir. Ag eascairt as na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 10-11 Nollaig 2020, ceaptar go dtíolacfaidh an tArdionadaí agus an Coimisiún tuarascáil roimh an gcruinniú maidir leis an gcaidreamh idir an tAontas agus an Tuirc.

## IV. AN RÚIS

Déanfaidh an Chomhairle plé ar an gcaidreamh leis an Rúis.

*pm: cúrsaí aeráide (b'fhéidir)*